# Ag cabhrú le páistí meonta dearfacha foghlama a fhorbairt

## Ceangail le h*Aistear* agus le *Síolta*

***Aistear***

*Téamaí*: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, *Cumarsáid*, *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*

*Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais*: Foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí (lch.27-51), Foghlaim agus forbairt trí spraoi (lch. 57 agus 103-106), Ag tacú le foghlaim agus le forbairt trí mheasúnú (pp.72-102)

***Caighdeáin Síolta***

1: *Cearta an Linbh*, C1.1, 1.2, 1.3
6: *Spraoi*, C6.7
7: *Curaclam*, C7.2, 7.6
*Achoimrí* ceangailte leis na *Caighdeáin* thuas

## *Céard is meon ann?*

**Déantar cur síos ar mheonta in *Aistear* mar 'nósanna leanúnacha intinne agus gnímh. Is ionann meon agus claonadh i dtreo freagairt do shuíomhanna ar bhealaí saintréitheacha' (*Aistear*, 2009, lch.54).**

Is iad seo a leanas cuid de na **meonta** dearfacha a luaitear in *Aistear*: **neamhspleáchas, fiosracht, díriú, cruthaitheacht, freagracht, athléimneacht, foighne, buanseasmhacht, spraíúlacht, samhlaíocht, suim a bheith agat i rudaí, taitneamh a bhaint as réiteach fadhbanna, bheith i d'éisteoir maith, rioscaí a mheas agus dul sa seans, bheith cairdiúil, bheith ag iarraidh cumarsáid a dhéanamh, fáilte a chur roimh dhaoine eile agus roimh dhifríochtaí, bheith tuisceanach, bheith sásta, comhoibriú le daoine eile**.

Déantar cur síos i dtéamaí *Aistear* ar a bhfuil ag teastáil ó pháistí ó bhreith ar aghaidh agus tugtar breac-chuntas ar fhoghlaim i **gceithre ghné idirnasctha: scileanna, dearcthaí agus luachanna, eolas agus tuiscint, agus meonta**. **Scileanna**, péinteáil, gearradh, dreapadóireacht, agus réiteach fadhbanna ina measc, **dearcthaí agus luachanna cosúil le** meas a bheith acu orthu féin agus ar dhaoine eile, cúram a dhéanamh den chomhshaol, agus dearcthaí dearfacha i leith foghlama agus i leith an tsaoil, **eolas agus tuiscint** cosúil le rudaí a rangú ach dath agus méid a úsáid, nó a fhoghlaim go bhfuil ciall le siombailí ar nós litreacha agus uimhreacha.




NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna / Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige / Department of Children and Youth Affairs

Déantar cur síos ar fhoghlaim na bpáistí in *Aistear* ó thaobh meonta a theastaíonn ó pháistí chun a lánchumas a bhaint amach freisin. Is minic a dhéantar cur síos ar mheonta, **fiosracht**, **neamhspleáchas**, **athléimneacht**, agus **buanseasmhacht** ina measc, mar thréithe nádúrtha carachtair atá ag páistí ó bhreith. Tá éagsúlacht idir meonta inbheirthe na bpáistí agus tá sé tábhachtach cuimhneamh ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag idirghníomhaíochtaí agus caidrimh idir duine fásta agus páiste, agus ag eispéiris na bpáistí ar fhorbairt na meonta dearfacha foghlama.



## *Cén fáth a bhfuil meonta tábhachtach?*

Tá tionchar ag **meonta foghlama** ar chumas foriomlán na bpáistí foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh. Forbraíonn meonta taobh le agus i gcomhar le sealbhú eolais, scileanna, dearcthaí agus tuisceana na bpáistí. Mar shampla, tá na scileanna fisiciúla a bhaineann le breith ar rudaí, iad a chur in áit agus a chur



os cionn a chéile, á bhforbairt ag grúpa páistí atá ag tógáil le bloic adhmaid, agus tá siad ag foghlaim faoi chruth agus faoi mhéid freisin. Ag an am céanna, tá an meon dearfach de **dhíriú** á fhoghlaim acu agus bíonn lúcháir orthu faoina gcuid scileanna maidir le réiteach fadhbanna de réir mar a thógann siad. D'fhéadfaidís foghlaim freisin nach n-éiríonn linn an chéad uair i gcónaí agus go bhféadfaí bheith orainn cúpla iarracht eile a dhéanamh nuair a thiteann na bloic nó nuair a thiteann túr mar go bhfuil páiste eile ag rith. Cabhraíonn sé seo leo **foighne**, **buanseasmhacht** agus **athléimneacht** a fhorbairt.

Is féidir le meonta bheith **dearfach nó diúltach** - níl roinnt meonta chomh húsáideach agus atá meonta eile le haghaidh foghlaim agus forbairt na bpáistí. Níl meonta seasta agus is féidir iad a spreagadh agus a neartú, nó a lagú le himeacht ama. Ba chóir do chleachtóirí iarracht a dhéanamh meonta dearfacha a threisiú. Mar shampla, is iondúil go mbraitheann páistí nach dtugtar an deis dóibh iad féin a ghléasadh nó glanadh suas ar an dúine fásta an iomarca agus is féidir leo dímrí fhoghlamtha (meon diúltach) a fhorbairt. Ach an páiste a spreagadh le bheith freagrach as a c(h)uid giuirléidí féin agus ach cabhrú leis/léi scuabadh agus rudaí a chur san araid athchúrsála, tá cleachtóirí ag cabhrú leis/léi na meonta dearfacha de **neamhspleáchas** agus d'**fhéintuilleamaí** a fhorbairt. Má tá páiste imníoch agus airdeallach ar chásanna nó ar dhaoine nua go nádúrtha, is féidir le


NCCA
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

cleachtóirí an páiste a spreagadh le bheith níos **eachtrúla** agus níos **solúbtha** ach athruithe a thabhairt isteach de réir a chéile, ach cad a tharlóidh a mhíniú sula dtarlaíonn aon athrú agus ach é/í a chur ar a s(h)uaimhneas.

**Is féidir meonta a spreagadh nó cur ina gcoinne, agus iad a neartú nó a lagú, trí thaithí agus trí idirghníomhaíochtaí le daoine eile agus leis an timpeallacht.**

## Cén chaoi ar féidir liom meonta dearfacha a spreagadh?

Tá tionchar ag meonta foghlama ar chumas foriomlán na bpáistí foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh. Ach bheith eolach ar na cineálacha meonta atá úsáideach, tá cleachtóirí in ann pleanáil do thimpeallacht agus d'idirghníomhaíochtaí tacúla a spreagfaidh meonta dearfacha. Mar shampla,

- Samhail a dhéanamh den mheon,
- A léiriú go bhfuil meas agat ar an meon,
- Deiseanna a thabhairt do pháistí meonta a fhorbairt (am, spás, trealamh nó spreagadh).
- Difríochtaí agus roghanna aonair a chur san áireamh, mar shampla ach athruithe a thabhairt isteach de réir a chéile, nó ach tacaíocht bhreise a thabhairt do pháiste a dteastaíonn sí uaidh/uaithi.

Tugtar tuilleadh sonraí ar an gcaoi a bhféadfá forbairt na meonta dearfacha a spreagadh thíos.

### Neamhspleáchas agus athléimneacht a spreagadh:

- Timpeallacht a sholáthar a chuireann ar chumas na bpáistí bheith níos **neamhspleáiche** - stóráil inrochtana, lipéid phictiúr ar sheilfre agus ar bhoscaí, doirtil ísle chun lámha a ní, seastáin chótaí agus naprúin ag leibhéal íseal, agus spás d'earraí pearsanta.
- Tascanna a thabhairt do pháistí chun freagracht a fhorbairt m.sh. cúnamh a thabhairt chun gníomhaíochtaí a eagrú, soilse a chasadh as, deochanna a thabairt amach, prapaí, péinteanna agus bréagáin a chur i dtaisce srl. (**neamhspleáchas**)
- Ligean do pháistí gníomhaíochtaí a roghnú agus cinntí a dhéanamh (ag leibhéal cuí) - Ar mhaith leat teacht isteach anois nó fanacht amuigh ar feadh tamaill eile? (***neamhspleáchas***)





- Fanacht sula gcabhraíonn tú leis/léi, am a thabhairt don pháiste réiteach a fháil, agus má tá deacracht fós aige/aici, fiafraí de/di *Cén chuid a bhfuil deacracht agat léi?*
- Straitéisí a mholadh agus samhail a dhéanamh de bhealaí chun déileáil leis na teipeanna agus leis an díomá dhosheachanta sa saol chun **athléimneacht** a fhorbairt - a m(h)othúcháin a aithint agus b'fhéidir straitéis chomhroghnach a mholadh:
  - *Tá a fhios agam go bhfuil brón ort mar gur doirteadh péint ar fud do phéintéireachta. An nglanfaimid suas le chéile é?*
  - *Bhí sé i gceist againn picnic a bheith againn inniu, ach tá sé i bhfad rófhliuch. Cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh ina háit, dar leat? B'fhéidir go mbeimis in ann ár bpicnic a bheith againn laistigh inniu, agus go bhféadaimis dul chuig an bpáirc amárach?*
- B'fhéidir go mbeadh sé go maith drámaíocht/rólghlacadh/puipéadóireacht a úsáid uaireanta le páistí níos sine chun meonta áirithe, cosúil le athléimneacht agus le buanseasmhacht, a spreagadh agus chun samhail a dhéanamh díobh.

## Díriú agus buanseasmhacht a spreagadh:

- A léiriú go bhfuil meas agat ar an meon, ach é a thabhairt faoi deara agus ach rud éigin a rá faoi. Nuair a chaitheann páiste tamall fada ag díriú ar rud éigin, nó nuair a éiríonn leis/léi rud éigin a chríochnú sa deireadh, d'fhéadfá a rá (**díriú, buanseasmhacht**): *Chonaic mé thú agus tú ag obair go crua air - tá cuma iontach anois air!*
- Páistí a spreagadh le **fadhbanna a réiteach** iad féin:
  - *Níl dóthain cúpan againn do gach duine, cad a dhéanfaimid?*
  - *Cén chaoi a bhféadfaimis an roth uisce seo a chur ag casadh?*
- Páistí a spreagadh le **leanúint ar aghaidh agus triail a bhaint as arís**, de réir mar is gá:
  - *Beagnach ann - céim amháin eile agus beidh tú ag an mbarr.*
  - *Níor oibrigh an rampa do na carranna arís, cad eile a bhféadfaimis triail a bhaint as?*
- Spás agus am a thabhairt do pháistí nuair atá siad sáite i dtasc nó i ngníomhaíocht, agus cinnte a dhéanamh de nach gcuireann páistí eile nó daoine fásta isteach orthu:
  - *Ná cuir isteach ar Sheán agus ar Lia faoi láthair, tá siad ag díriú go crua ar na cruthanna sin ar fad a chur san áit cheart.*
  - *Cuirfimid beagán ama leis seo le gur féidir leat an tógáil a chríochnú sula dtéimid isteach arís.*





## Fiosracht agus fonn foghlama a spreagadh:

- Sampla an pháiste a leanúint - na rudaí a bhfuil spéis acu iontu a thabhairt faoi deara agus freagairt dá gceisteanna.
- Deiseanna éagsúla a chur ar fáil le go mbeidh taithí acu ar agus le go ndéanfaidh siad iniúchadh ar rudaí agus ar thimpeallachtaí difriúla, agus labhairt faoi na rudaí a fheiceann, a mhothaíonn agus a dhéanann tú agus na páistí:
  - *Mothaigh an choirt ar an gcrann silíní - tá sí i bhfad níos míne agus níos lonraí ná an crann darach a d'aimsíomar, nach bhfuil?*
  - *Meas tú cad atá ag déanamh an torainn sin?*
- Samhail a dhéanamh d'**fhiosracht agus d'fhonn foghlama**: *Is feithid shuimiúil í sin a d'aimsigh tú. Níl a fhios agam cad í. Ní fhaca mé ceann díobh riamh cheana. Meas tú cén chaoi a bhféadfaimis tuilleadh eolais a fháil amach fúithi?*
- Páistí a spreagadh le **smaoineamh ar bhealaí difriúla a bhféadfaidís fadhb a réiteach**, seachas réiteach a thabhairt láithreach:
  - *Cad a d'fhéadfaimis a aimsiú a bheadh sách fada chun an bhearna a dhúnadh? Cá bhféadfá breathnú chun rud mar sin a fháil? Cén cara a d'fhéadfadh cabhrú leat?*

  D'fhéadfá leideanna a thabhairt seachas freagra láithreach - *Is feidir liom é a fheiceáil ón áit seo, tá sé gar do rud éigin gorm, níl sé ar bharr an bhoird.*
- A léiriú go bhfuil **spéis** agat i go leor rudaí difriúla, agus na rudaí a bhfuil spéis agat féin iontu a roinnt. Mar shampla, grá do gharraíodóireacht, do bhácáil, do lúthchleasaíocht nó uirlis cheoil a sheinm.



- Gníomhaíochtaí nua agus suimiúla, chomh maith le gníomaíochtaí a bhfuil taithí ag páistí orthu, a chur ar fáil le himeacht ama, nó uainíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i gcuid amháin den timpeallacht agus na gníomhaíochtaí is fearr leis na páistí a choinneáil freisin (**taitneamh a bhaint as rudaí nua, taitneamh a bhaint as taiscéalaíocht**). Eispéiris agus gníomhaíochtaí a phleanáil ina mbeidh na páistí in ann spéis a chothú i rudaí nua (féach an sampla de dheiseanna foghlama i dtéamaí *Aistear* le haghaidh smaointe).

## Cruthaitheacht, comhoibriú agus meonta eile a spreagadh

- Deiseanna a thabhairt do pháistí maidir leis na cineálacha idirghníomhaíochtaí a ligfidh dóibh a meonta ar nós **comhoibrithe, bheith ag comhoibriú le daoine eile agus bheith sóisialta** a chur i bhfeidhm.





Páistí a spreagadh le comhoibriú, ach a lán deiseanna a thabhairt dóibh chun idirghníomhú le piaraí, agus chun obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga ar thascanna nó ar thionscadail:

- *D'oibrigh tú féin agus Lana go maith le chéile chun an teach a thógáil. Ar mhaith leat suí le chéile le haghaidh sneaice?*
- *Uainchláir phéirí a bheith agat do roinnt tascanna srl. ionas gur féidir le páistí meascadh le chéile.*

- Spreagann eispéiris cosúil le healaín, le huisce agus le gaineamh, le hábhair neamhiata agus scaoilte; clocha, cipíní nó sliogáin ina measc, **cruthaitheacht agus samhlaíocht**.
- Ligean do pháistí ábhair a úsáid ar bhealaí difriúla agus nuálacha, nó ábhair dhifriúla a chur le chéile (**cruthaitheacht, samhlaíocht**).
- Spreagtar **díriú, samhlaíocht agus fiosracht** nuair a éistear le scéalta agus nuair a léitear le chéile. Spreagtar páistí le breathnú ar leabhair agus ar léitheoireacht mar rudaí ar chóir dóibh taitneamh a bhaint astu nuair a sholáthraítear coirnéal compordach leabhar agus nuair a roinntear leabhair leo.



Cabhróidh straitéisí agus idirghníomhaíochtaí mar seo le páistí forbairt go hiomlánaíoch - de réir mar a fhoghlamaíonn siad na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn uathu, tá meonta dearfacha, a mbeidh siad in ann leas a bhaint astu anois agus sa todhchaí, á bhforbairt acu. Tá sé tábhachtach freisin an tábhacht a bhaineann le meonta dearfacha foghlama a mhíniú do thuismitheoirí agus iad a spreagadh le bheith ag faire amach dóibh agus le tacaíocht a thabhairt dóibh sa bhaile.

Is féidir le meonta bheith deacair a mheas agus seans nach léir go bhfuil meon ar leith ag páiste go dtí go gcuirtear aithne ar pháiste thar thréimhse ama. Má bhreathnaímid ar pháistí agus iad ag idirghníomhú agus ag spraoi, ligeann sé dúinn an chaoi a léiríonn siad a meonta a fheiceáil agus tá sé tábhachtach meonta a chur san áireamh sa mheasúnú mar go bhfuil **meonta dearfacha** á n-aithint i bhfad níos mó anois mar ghnéithe ríthábhachtacha d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na bpáistí!

## Meonta a mheas

Pléann Treoirlínte Aistear le haghaidh Dea-Chleachtais ar mheasúnú (2009, lch72-102) an tábhacht a bhaineann le breathnú ar na rudaí a dhéanann agus a dheir páistí le himeacht ama, agus leis an eolas seo a úsáid chun pleanáil d'eispéiris amach anseo. Moltar sa Treoirlínte (lch. 74) gur chóir don duine fásta fianaise ar dhul chun cinn an pháiste a chuardach ar fud **ceithre ghné idirnasctha mar a leagtar amach thuas: scileanna, dearcthaí agus luachanna, eolas agus tuiscint,** agus **meonta**.